C/2024/5444

5.9.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11302 — MSC / HGV / HHLA)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/5444)

1. An 29 Lúnasa 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— SAS Shipping Agencies Services S.à.r.l. A ('SAS', Lucsamburg), faoi úinéireacht MSC Group,

— HGV Hamburger Gesellschaft für Vermögens- und Beteiligungsmanagement mbH ('HGV', an Ghearmáin), faoi rialú Freie und Hansestadt Hamburg ('FHH'),

— Hamburger Hafen und Logistik Aktiengesellschaft ('HHLA', Ghearmáin).

Gheobhaidh SAS agus HGV rialú comhpháirteach ar HHLA e réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin tairiscint phoiblí a fógraíodh an 13 Meán Fómhair 2023 agus trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta sealbhaíochta oibriúcháin de chuid MSC Group é SAS, ar gnó domhanda faoi úinéireacht phríobháideach é freisin atá ag gabháil don earnáil iompair lóistíochta agus atá gníomhach go príomha i ngnó línéar farraige móire. Sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) tá MSC Group gníomhach freisin i seirbhísí críochfoirt coimeádán, san iompar intíre agus i réitigh lóistíochta. Tá rannán paisinéirí ag Grúpa MSC freisin agus soláthraíonn sé turais mhara aigéanacha ar fud an domhain, seirbhísí iompair mhuirí do phaisinéirí sa Mheánmhuir, seirbhísí tionscnóirí turas agus seirbhísí gníomhaireachta taistil,

— Is é HGV an chuideachta sealbhaíochta le haghaidh ghníomhaíochtaí tráchtála Chathair Hamburg. Tá HGV gníomhach i réimse na seirbhísí críochfoirt coimeádán agus lóistíochta críochfoirt agus seirbhísí iompair intíre in LEE agus soláthraíonn sé seirbhísí poiblí amhail iompar poiblí áitiúil, soláthar uisce áitiúil, soláthar fuinnimh áitiúil agus réadmhaoin áitiúil sa Ghearmáin, go príomha i gCathair Hamburg.

— Is cuideachta lóistíochta calafoirt agus iompair Eorpach é HHLA a dhéanann speisialtóireacht i seirbhísí críochfoirt coimeádán agus lóistíocht iompair, go háirithe i gcalafort Hamburg ach i gCalafort Muuga (Taillinn) agus i gCalafort Trieste freisin.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11302 — MSC / HGV / HHLA

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË